Rewarding Learning

ADVANCED
General Certificate of Education
2023

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

Forbairt Córas Bogearraí

Aonad A2 1

Cuir Chuige Córas agus
Coincheapa Bunachair Sonraí

[ADV11]

ADV11

DÉARDAOIN 1 MEITHEAMH, IARNÓIN

AM

2 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.
Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **hocht** gceist.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceisteanna **3**, **5(e)** agus **6(b)**.

13983.18**R**

1 Tá Tomás, anailísí córas faoi oiliúint ag Comhairleoireacht na Réiteach Bogearraí (CRB), i ndiaidh tús a chur leis an phróiseas le scéalta úsáideoirí a bhailiú, agus agallaimh curtha aige ar an fhoireann sa tsiopa bronntanas.

(a) Críochnaigh dhá scéal breise úsáideoirí don tsiopa bronntanas ag úsáid na dteimpléad thíos.

[4]

Mar bhainisteoir siopa
Tá mé ag iarraidh praghsanna cruinne a bheith agam ar an stoc
Ionas gur féidir liom a rá le custaiméirí cá mhéad a chosnaíonn earra i ndáiríre

Mar bhainisteoir siopa
Tá mé ag iarraidh
Ionas

Mar úinéir an ghnólachta
Tá mé ag iarraidh amharc ar anailís ar dhíolacháin
Ionas gur féidir liom cinntí a dhéanamh ar phraghsáil

Mar úinéir an ghnólachta
Tá mé ag iarraidh
Ionas

(b) Thug Sinéad, an t-anailísí sinsearach ag CRB, faoi deara go bhfuil a lán saincheisteanna ann nár sonraíodh mar is ceart maidir leis an tsiopa bronntanas. Bainfidh sí úsáid as teicnící ar leith aimsithe fíricí le faisnéis a bhailiú.

Comhlánaigh an tábla thíos:

Teicníc	**Faisnéis atá de dhíth**
	An dóigh a ndearnadh an próiseas stocáirimh ar an Luan 19 Meán Fómhair 2022 agus cad é a taifeadadh.
	An dóigh a mbailítear riachtanais stoic plandlainne.
	Na mionsonraí cruinne a taifeadadh ar fhoirmeacha ordaithe don Mháirt 13 Meán Fómhair 2022.
	Cad é a shíleann custaiméirí den tseirbhís sa tsiopa bronntanas.

[4]

[Tiontaigh an leathanach

2 Ba mhaith leis an fhoireann forbartha ag CRB Harry a chur ar an eolas faoi mhodheolaíochtaí féideartha a d'fhéadfaí a úsáid sa phróiseas forbartha.

Comhlánaigh na paragraif thíos trí na focail nó frásaí cearta a roghnú ón rogha atá curtha ar fáil. Is féidir focail agus frásaí a úsáid níos mó ná uair amháin.

Agile	**custaiméir**	**siopa bronntanas**	**céimeanna**	**tástáil**
Anne	**forbróir**	**Harry**	**tionscadal**	**Tástáil**
buiséad	**doiciméadacht**	**incriminteach**	***RAD***	**Traidisiúnta**
caifé	***DSDM***	**comhtháite**	**righin**	**úsáideoir**
iomlán	**solúbthacht**	**atriall**	***SCRUM***	**bogearraí oibre**
costas	**garraíodóireacht**	**atriallach**	**seicheamhach**	***XP***

Déantar modheolaíochtaí _____ ar dhóigh _____

agus _____. Cuirtear béim shuntasach ar ról an _____

i bhforbairt córais.

I measc samplaí den chineál modheolaíochta seo, tá _____,

_____ agus _____.

Cuireann na modhanna seo _____ chun tosaigh seachas

_____.

I modhanna _____, déantar gnéithe iomlána a fhorbairt taobh istigh

de gach _____. Tarlaíonn _____ ar fud an phróisis

forbartha.

Bíonn cuir chuige _____ i leith forbairt córais _____

agus _____ maidir le cad é mar a shreabhann an próiseas.

Tá rannpháirtíocht theoranta _____ ann. Déantar _____

i ndeireadh na saolré. De ghnáth, déantar _____ a sheachadadh go

mall sa tsaolré. [9]

3 Measann CRB go bhféadfadh an fréamhshamhaltú a bheith ina mhodh úsáideach le húsáid agus córas á fhorbairt le tírdhreachú agus cothabháil na ngairdíní a bhainistiú ag Plandlann Thompson.

Déan luacháil ar úsáideacht an fhréamhshamhaltaithe éabhlóidigh agus aon uaire, agus cuir saineiseamláirí ar fáil den dóigh a bhféadfaí an dá rud a chur i bhfeidhm ag Plandlann Thompson.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

[6]

[Tiontaigh an leathanach

4 D'iarr Ben, an bainisteoir tionscadail, ar Harry liosta a dhéanamh de na céimeanna tipiciúla atá i gceist i bpróiseas meastacháin a chur ar fáil ar obair chonartha, mar aon leis na huaireanta a rinneadh agus aon réamhtheachtaithe. Tá na céimeanna tugtha sa tábla tosaíochta a thaispeántar thíos.

CA	**Tasc**	**Fad (uaireanta an chloig)**	**Réamhtheachtaithe**
A	Iarratas custaiméara a thaifeadadh	0.5	-
B	Cuairt ar láithreán a eagrú	0.5	A
C	Cuairt ar láithreán a dhéanamh	2	B
D	Na tascanna atá i gceist a shainaithint	3	B
E	Ábhair a mhiondealú agus a chostáil	3	C, D
F	Sceideal oibre a chruthú	2	D
G	Meastachán a chruthú	2	E, F
H	Aontú ar mheastachán	0.5	G
I	Conradh a chruthú	2	H
J	Baill foirne a shannadh	0.5	I

Táirgeadh an chairt GANTT seo a leanas ón tábla:



13983.18**R**

(a) Mínigh an tábhacht atá le tasc H.

_____

_____

_____

_____ [2]

(b) Cuir síos ar fhadhb amháin a bhaineann le cairt GANTT a úsáid leis na próisis a bhfuil breac-chuntas orthu sa tábla tosaíochta a sceidealú.

_____

_____

_____

_____ [2]

[Tiontaigh an leathanach

(c) Úsáid na tascanna ón tábla tosaíochta leis an chairt PERT thíos a chomhlánú.



[9]

(d) Sainaithin an rébhealach.

_____ [1]

(e) Cad é an tionchar má dhéantar laghdú 1 uair an chloig ar fhad ghníomhaíocht F?

_____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

5 Tá obair tosaithe ar fhorbairt na gné ar líne den ghnólacht. Tá tacar de léaráidí aicme déanta ag an anailísí shóisearach ionas gur féidir le Sinéad é a scrúdú, mar a thaispeántar thíos.



(a) Sainaithin agus mínigh an cineál gaoil atá lipéadaithe **A** agus **B**.

_____

_____

_____

_____ [2]

(b) Mhol Sinéad gur chóir aitreabúidí na haicme User a chosaint.
Sainmhínigh gach ceann de na haitreabúidí seo mar cinn atá cosanta.

_____

_____ [2]

(c) Míníonn Sinéad go gciallaíonn gaol ilchodach idir dhá léaráid aicme nach dtig le haicme amháin a bheith ann gan an ceann eile. Ag úsáid na litreacha atá curtha ar fáil, sainaithin gaol ilchodach amháin ó na léaráidí aicme atá curtha ar fáil.

_____ [1]

(d) **(i)** Mínigh an téarma iolracht.

_____

_____

_____ [2]

(ii) Cad é mar a chuirtear iolracht i bhfeidhm ar an ghaol atá lipéadaithe **C**?

_____

_____

_____ [2]

[Tiontaigh an leathanach

(e) Pléigh an dóigh a dtiocfadh le léaráidí Úsáide, Cáis agus Seichimh cuidiú le córas a fhorbairt le tacú le seirbhísí tírdhreachaithe agus chothabháil na ngairdíní ag Plandlann Thompson.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

[8]

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

[Tiontaigh an leathanach

6 Is ríomhchláraitheoir é Liam ag CRB agus tá sé ag forbairt cásanna tástála a shainaithníonn cé acu atá lascainí cearta á gcur i bhfeidhm d'obair tírdhreachaithe agus chothabháil na ngairdíní nó nach bhfuil.

(a) Trí thagairt a dhéanamh **d'Fhíor 1: Táillí Phlandlann Thompson** den chás-staidéar, comhlánaigh an tábla páirteach tástála thíos. Is féidir figiúirí samplacha a úsáid do chostais iomlána chonartha, nuair is gá.

Sonraí Tástála	Fáth le Sonraí Tástála	Toradh Ionchais
Cineál Jab: Jab Aonuaire Costas: 501	Seiceáil gur cuireadh éarlais 10% i bhfeidhm	Éarlais 10% curtha i bhfeidhm
	Seiceáil nár cuireadh éarlais ar bith i bhfeidhm	Níor cuireadh éarlais ar bith i bhfeidhm
Cineál Jab: Conradh Cineál Custaiméara: Príobháideach Costas Iomlán an Chonartha: 2500 Fad ama (míonna): 1	Seiceáil bratach don éarlais atá de dhíth Seiceáil go bhfuil éarlais 5% curtha i bhfeidhm Seiceáil nár cuireadh lascaine ar bith i bhfeidhm	
Cineál Jab: Conradh Cineál Custaiméara: Príobháideach Costas Iomlán an Chonartha: 2500 Fad ama (míonna): 6		
	Seiceáil bratach don éarlais atá de dhíth Seiceáil go bhfuil éarlais 5% curtha i bhfeidhm Seiceáil nár cuireadh lascaine ar bith i bhfeidhm	Bratach curtha leis an chustaiméir d'éarlais 5% Éarlais 5% curtha i bhfeidhm Níor cuireadh lascaine ar bith i bhfeidhm
	Seiceáil bratach don éarlais atá de dhíth Seiceáil go bhfuil éarlais 5% curtha i bhfeidhm Seiceáil go bhfuil lascaine 8% curtha i bhfeidhm	Bratach curtha leis an chustaiméir d'éarlais 5% Éarlais 5% curtha i bhfeidhm Lascaine 8% curtha i bhfeidhm

[6]

(b) Pléigh an dóigh a dtig le Tástáil Struchtúir and Tástáil Feidhmiúlachta tionchar a imirt ar chaighdeán an chórais atá á fhorbairt do Phlandlann Thompson. Tabhair eiseamláirí sainiúla de na tástálacha a d'fhéadfadh a bheith de dhíth agus sainaithin an pearsanra atá páirteach lena gcur i gcrích.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

[6]

[Tiontaigh an leathanach

7 Tá Séamus, forbróir bogearraí ag CRB, ag baint úsáid as an doiciméad shamplach meastacháin thíos le bheith ag obair tríd an phróiseas normalaithe don chóras nua bunachair sonraí ag Plandlann Thompson.

Plandlann Thompson Meastachán ar Thírdhreachú (Custaiméir Príobháideach)	Uimh. Mheastacháin:	TL198
	Dáta Tosaigh:	23/03/22
	Fad ama (Laethanta):	2

		Foireann a Sannadh	
Uimh. Custaiméara:	194	CA	Ainm
Ainm:	Ann Mackie	12 15 17	Simon Quinn Sally McDade Jane Gray
Seoladh:	27, Páirc an Droichid, Bóthar an Bhaile Nua Uachtarach BT12 3QW		
Uimh. Ghutháin:	0799999999		
Ríomhphost:	am123@getmail.com		

Sonraí Jab

CA an Jab	Cur síos	CA an Ábhair	Cur síos ar an Ábhar	MÉID (*QTY*)	Costas Aonaid (£)	Iomlán (£)
TLPS	Leaca pábhála a dheisiú	PV45 PSLB PSSB	Leaca Pábhála den Ghaineamhchloch 450 × 450 mm Gaineamh Pábhála Triomaithe san Áith (mór) MOT Cineál 1 Fo-bhonn, Bulcmhála	14 4 1	4.78 5.15 43.00	130.52
TLBP	Imeall an chosáin a phlandú	SWG SHO SAF	Crann Bosca, Seoid an Gheimhridh Hosta Raithneach Fómhair	20 10 10	24.99 7.99 6.00	639.7
					Iomlán (£):	770.22
					Saothar (£):	600.00
					CBL (£):	274.04
					Táille Iomlán Cust. (£):	1644.26

Shainaithin sé na grúpaí athráite (iolrach agus neadaithe) agus bhain sé na réimsí neamhnormalaithe as, mar a thaispeántar thíos, atá de dhíth leis an phróiseas normalaithe a thosú.

QuotationNo, StartDate, Duration, CustNo, CustFName, CustSName, CustAdd1, CustAdd2, CustPostCode, CustTel, CustEmail, {StaffID, StaffFName, StaffSName}, {JobID, JobDesc, {MatID, MatDesc, Qty, UnitCost}}, Labour

Úsáid ainmneacha tábla cuí leis na sonraí a normalú go dtí an tríú foirm normalach. Is féidir ainmneacha aitreabúidí a ghiorrú.

1 FN (*1 NF*)

[4]

[Tiontaigh an leathanach

2FN (*2NF*) (ba chóir táblaí neamhathraithe a lipéadú mar *table name (unchanged)*)

[4]

3FN (*3NF*) (ba chóir táblaí neamhathraithe a lipéadú mar *table name (unchanged)*)

[3]

[Tiontaigh an leathanach

8 Chomh maith leis sin, tá Séamus ag obair ar struchtúr an bhunachair sonraí le horduithe agus stoc a bhainistiú.

Taispeánann an léaráid thíos bunachar sonraí neamhiomlán do stoc:

CUSTOMER	
Réimse	**Cineál Sonraí**
CustID	int
CustForename	varchar(20)
CustSurname	varchar(20)
CustDOB	date
CustAddress1	varchar(30)
CustAddress2	varchar(30)
CustPostCode	varchar(7)
CustPhoneNo	varchar(11)
RegistrationDate	date

SALEAREA	
Réimse	**Cineál Sonraí**
SaleAreaID	int
SaleAreaDesc	varchar(20)

STOCK	
Réimse	**Cineál Sonraí**
StockID	int
StockDescription	varchar(20)
CostPrice	decimal(5,2)
SalePrice	decimal(5,2)
QtyInStock	int
ReorderLevel	int
SaleAreaID	int
SupplierID	int

SUPPLIERSTOCKORDER	
Réimse	**Cineál Sonraí**
SupStockOrderID	int
SupplierID	int
SupStockOrderDate	date
EstDeliveryDate	date
DeliveredYN	char

SUPPLIER	
Réimse	**Cineál Sonraí**
SupplierID	int
SupplierName	varchar(20)
SupplierPhoneNo	varchar(11)

CUSTOMERORDER	
Réimse	**Cineál Sonraí**
OrderID	int
CustID	int
OrderDate	date

CUSTORDERDETAILS	
Réimse	**Cineál Sonraí**
OrderID	int
StockID	int
Qty	int

SUPSTOCKORDDETAILS	
Réimse	**Cineál Sonraí**
SupStockOrderID	int
StockID	int
Qty	int

(a) Cruthaigh an tábla SUPPLIERSTOCKORDER, ag cinntiú:

- Go ndéantar eochair phríomhúil chuí a chur leis agus a uathincrimintiú (ag tosú ar 1 le hincrimintí de 1)
- Go dtugtar an luach 'N' do DeliveredYN mura gcuirtear aon luach isteach
- Nach bhfuil EstDeliveryDate níos luaithe ná an SupStockOrderDate

[5]

[Tiontaigh an leathanach

(b) Taispeáin liosta de chustaiméirí a chláraigh le Plandlann Thompson breis agus sé mhí ó shin ach nár ordaigh rud ar bith go fóill. Ba chóir sonraí teagmhála custaiméirí a chur isteach agus an liosta a chur in ord de réir sloinne.

[8]

(c) Ba mhaith le Harry a fháil amach cad é an limistéar den ghnó is brabúsaí. Taispeáin gach limistéar díolacháin mar aon lena bhrabús iomlán go dtí seo, in ord ón cheann is mó brabús go dtí an ceann is lú brabús.

[9]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	**Marcanna**
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
Marc Iomlán	

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

Rewarding Learning

ADVANCED
General Certificate of Education
2023

Forbairt Córas Bogearraí

Aonad A2 1

Cás-Staidéar ar Chuir Chuige Córas agus
Coincheapa Bunachair Sonraí

[ADV11]
DÉARDAOIN 1 MEITHEAMH, IARNÓIN

Cóip don Scrúdú

Treoir d'larrthóirí:

Tá an scrúdú A2 1 ar Chuir Chuige Córas agus Coincheapa Bunachair Sonraí bunaithe ar an Chás-staidéar réamheisiúna seo.

Ní mór duit an chóip ghlan **seo** den ábhar réamheisiúna a úsáid sa scrúdú agus **ní** do chóip anótáilte féin.

PLANDLANN THOMPSON

Tá forbairt shuntasach déanta ag Plandlann Thompson ó ghlac Harry Thompson seilbh uirthi dhá bhliain ó shin. Bhíodh an phlandlann a bhí ann roimhe dírithe go hiomlán ar phlandaí, ar thoir, ar chrainn agus ar fháil a dhíol, chomh maith le réimse iontach bunúsach d'earraí gairneoireachta a bhaineann leo sin.

Tá Plandlann Thompson suite ar roinnt acraí de thalamh curaíochta ar thosaigh Harry a fhorbairt agus a phlandú. Tá siopa ar an tsuíomh agus déantar gnó uilig na plandlainne ansin. I ndiaidh bliain i mbun gnó, bronnadh cead pleanála ar Harry leis an áitreabh a bhí ann roimhe a athchóiriú agus síneadh a chur leis. Tá siopa bronntanas anois ann ina bhfuil réimse measartha maith stoic agus caifé beag atá beagnach réidh le hoscailt.

Ó ghlac Harry seilbh ar an ghnólacht, tá réimse níos leithne de phlandaí, de shíolta, de ghlasraí, de phlandaí ceapaí, de thoir agus de chrainn ar fáil ann. Foireann de sheisear garraíodóirí lánaimseartha a chuireann agus a thugann aire dóibh seo ar fud an tsuímh.

Faoi láthair, tá Harry i mbun an phróisis le gné mhórdhíola agus díolacháin ar líne a fhorbairt don ghnólacht fosta.

Tá roinnt conarthaí faoi choinne stoc a sholáthar d'ionaid mhiondíola socraithe aige cheana féin. Tá sé seo i ndiaidh gné eile ar fad a chur leis an ghnólacht agus tá roinnt fadhbanna riaracháin nach raibh sé ag súil leo cruthaithe mar gheall orthu, go háirithe maidir le stoc a ordú.

Chomh maith leis sin, cuireann Plandlann Thompson seirbhísí tírdhreachaithe agus cothabhála gairdín ar fáil don phobal agus do chomhlachtaí áitiúla. Bíonn an-éileamh ar na seirbhísí seo, agus tá sé thar a bheith deacair tuar a dhéanamh ar an leithdháileadh foirne atá de dhíth le tacú leo. Chomh maith leis sin, tá éilimh mhéadaithe ar an fhoireann mar gheall ar sholáthar agus ar dháileadh mórdhíola.

Tá cúigear ball foirne garraíodóireachta breise páirtaimseartha agus rúnaí, Ellen Holmes, fostaithe ag Harry ar na mallaibh. Tá Ted Hughes ceaptha aige fosta, mar phríomhgharraíodóir, le cuidiú leis an fhoireann garraíodóireachta a bhainistiú. Is maith le Harry gach rud a dhéanamh é féin agus áitíonn sé go gcaithfidh Ted gach cinneadh a chomhaontú leis. Bíonn fadhbanna ann mar gheall air seo mar is annamh a bhíonn Harry ar fáil agus ní féidir moilleanna a sheachaint.

Creideann Harry go bhfuil sé ábalta maidir le cúrsaí ríomhaireachta agus creideann sé go dtig leis an taobh sin den fhiontar a láimhseáil leis féin. Nuair a ghlac seisean seilbh, chuir sé córas bunúsach díolphointe isteach, cé nár ghlac sé comhairle cheart maidir leis an tsuiteáil seo. Ar an drochuair, cheannaigh sé córas 'buiséid' a suiteáladh gan mórán airde nó gan aird ar bith a thabhairt ar na fíor-riachtanais atá ar ghnólacht atá ag forbairt. Ní dhearna Harry fiosrúchán iomlán ar an réimse leathan roghanna atá ar fáil. Mar gheall ar an eolas theoranta a bhí aige, níor smaoinigh sé go hiomlán ar shlándáil, ar na táillí atá i gceist, ar inscálaitheacht, ar an tuairisciú cheart agus ar an tacaíocht ba dhócha a bheadh de dhíth air. Tá sé ag teacht ar an tuiscint ina ainneoin féin nach bhfuil an gnólacht á reáchtáil chomh héifeachtúil agus a d'fhéadfadh sé.

Tá contúirt ann go mbeidh Harry ag dul ar aghaidh róghasta lena chuid smaointe. Mheas sé a chaiteachas faoina luach agus tá airgead faighte ar iasacht aige ón bhanc cheana féin lena fhorbairt nua plandaithe a mhaoiniú. Seachas costas an stoic atá i gceist, níor chuir sé san áireamh go leor, costas an tsaothair a bheadh i gceist leis an phlandú agus le cothabháil leanúnach an tsuímh. Tá brú mór á chur ar shreabhadh airgid mar gheall ar chostais bhreise foirne a bhaineann le gach gné den ghnó.

Tírdhreachú agus Cothabháil Gairdín

Tugann Harry faoi jabanna i gcónaí nuair a thagann siad chuige. Leis seo a dhéanamh, bogann sé baill foirne ó limistéir eile leis an obair a chlúdach. Déanann sé an jab a phraghsáil agus cruthaíonn meastachán custaiméara. Má aontaítear ar an phraghas, déanann sé socruithe maidir le cá huair is féidir an jab a dhéanamh. In amanna, ní smaoiníonn sé go leor ar na hábhair agus ar an stoc atá de dhíth le jab a dheanamh. Is minic a shonraíonn sé an t-am is dócha a thógfaidh jab go mícheart agus ní chuireann sé riosca ar bith san áireamh riamh amhail foireann nó stoc gan a bheith ar fáil. Is cur chuige neamhréalaíoch é seo agus cuireann sé isteach ar go leor custaiméirí. Ní bhíonn a fhios ag baill foirne in am ar bith cá háit a gcuirfear iad don chéad jab eile. Tá a fhios aige go gcaithfidh sé dóigh eile a aimsiú lena chuid foirne a sceidealú mar is ceart.

Tá neart custaiméirí príobháideacha bailithe ag Harry atá ag iarraidh go dtabharfaí aire dá ngairdíní ar bhonn rialta. Tá conarthaí bunúsacha leagtha amach aige do na custaiméirí seo. Chomh maith leis sin, tá conarthaí socraithe aige le roinnt comhlachtaí agus eagraíochtaí áitiúla, lena gcuid tailte a chothabháil i rith na bliana.

Jabanna aon uaire nó comhaontuithe rialta conartha a bhíonn i gceist le tírdhreachú agus le seirbhísí cothabhála gairdín. Íocann custaiméirí éarlais 10% as jabanna aon uaire tírdhreachaithe agus cothabhála gairdín má tá an costas iomlán níos mó ná £500. Bíonn an fuílleach neamhíoctha le híoc nuair a chríochnaítear an obair.

De rogha air sin, tá conarthaí leagtha amach do thréimhsí sainiúla ama. Do chustaiméirí príobháideacha, is féidir leo seo a bheith ar feadh mí amháin, ar feadh trí mhí (go háirithe míonna an tsamhraidh) nó ar feadh sé mhí (míonna an earraigh agus an tsamhraidh). Ó am go ham, beidh custaiméir ag iarraidh go ndéanfaí cothabháil ar a ghairdín ar chonradh bliana. Conarthaí do chomhlachtaí agus d'eagraíochtaí, bíonn siad ar feadh trí mhí, sé mhí, dhá mhí dhéag nó tréimhse dhá bhliain.

Ní mór do gach custaiméir conartha éarlais tosaigh de 5% de chostas iomlán an chonartha a íoc. Tairgeann Harry dreasachtaí lascaine conartha mar a thaispeántar sa tábla Táillí Phlandlann Thompson thíos:

Fíor 1: Táillí Phlandlann Thompson

JAB AON UAIRE	Costas	≤ £500	> £500			
	Éarlais	0%	10%			
CUSTAIMÉIRÍ CONARTHA						
Príobháideach	Éarlais 5%	Líon na míonna				
		1	3	6	12	
	lascaine	0%	2%	5%	8%	
Comhlacht/ Eagraíocht	Éarlais 5%	Líon na míonna				
			3 mhí	6 mhí	12 mhí	24 mí
	lascaine		0%	5%	8%	10%

Íocann custaiméirí conartha ar dhóigheanna éagsúla lena n-áirítear íocaíochtaí bliantúla, míosúla nó seachtainiúla (custaiméirí príobháideacha den chuid is mó). Custaiméirí atá ag iarraidh conarthaí a athnuachan nó a chríochnú, ní mór dóibh fógra ceithre seachtaine ar a laghad a thabhairt.

Déanann Harry iarracht coinneáil suas le billeáil, íocaíochtaí agus meabhrúcháin ach tá a fhios aige go bhfuil sé ag streachailt agus go bhfuil contúirt ann go gcaillfeadh sé airgead. Is annamh a éiríonn leis réamhíocaíochtaí a fháil.

Custaiméirí príobháidheacha a bhfuil seirbhísí tírdhreachaithe nó cothabhála gairdín de dhíth orthu, déanann siad teagmháil leis an phlandlann ar dtús agus má bhíonn Harry ar fáil, labhróidh seisean leo agus socróidh sé cuairt leis an tsuíomh atá i gceist a fheiceáil. Ansin déanann sé an obair a phraghsáil agus tugann sé meastachán don chustaiméir. Ba cheart go gcuirfeadh sin mionsonraí fóirsteanacha ar fáil ar an obair atá i gceist, lena n-áirítear dátaí, an saothar agus na hábhair atá de dhíth. Agus sin ráite, is minic a bhíonn na meastacháin seo ó bhéal nó in amanna, scríofa ar phíosaí giobacha páipéir nach bhfuil cuma phroifisiúnta orthu agus atá míchruinn. Tugtar sampla ó cheann amháin de na meastacháin sin thíos:

MEASTACHÁN
PHLANDLANN THOMPSON

23 Márta 2022

An Bhean Uasal Mackie 27 Páirc an Droichid

07999999999

Gan ríomhphost

Clocha ar an chosán sa ghairdín a dheisiú agus imeall an chosáin a phlandú

Leaca pábhála 900 * 600 a athsholáthar ar £45m^2	£225
Tá tuairim is 5m^2 neamhornáideach de dhíth	
Toir/plandaí ceapaí (ní dhearnadh cinneadh ar na dathanna)	£150
Múirín úr	£30
Saothar 3 lá aon fhear amháin	~~£240~~
5	£400
	~~£445~~
	£800

CBL

Má tá an custaméir sásta leis an phraghas agus leis na coinníollacha, íoctar éarlais má tá an costas níos mó ná £500 agus aontaítear ar dháta le tús a chur leis an obair.

Pléitear le custaiméirí conartha ar dhóigh atá iontach cosúil. Tógann sé a lán ama conarthaí a chruthú agus a chomhaontú. Sa chóras láimhe atá ag Harry, bíonn sé iontach deacair na híocaíochtaí a bhainistiú, custaiméirí a bhilleáil agus admhálacha a chur ar fáil.

Ar na mallaibh, rinne Harry roinnt teimpléad do chonarthaí a íoslódáil saor in aisce ón idirlíon lena fheiceáil an dtig leis cuma níos proifisiúnta a chur ar a chuid meastachán, ach síleann sé go bhfuil siad ró-mhionsonraithe agus nach mbeadh an t-am aige iad a chomhlánú.

Tá bun maith ag teacht ar na seirbhísí tírdhreachaithe agus cothabhála gairdín, ach tá an riarachán atá i gceist millteanach mór. Cionn is nach bhfuil córas ceart ag Harry leis na seirbhísí seo a bhainistiú, tá rudaí ag dul ó smacht air. Tá a chóras sceidealaithe ina chíor thuathail agus is minic a bhíonn áirithintí dúbailte ann agus nach mbíonn jabanna ag tosú in am mar gheall orthu. In amanna, bogfaidh Harry a chuid foirne ó jab amháin le ceann eile a thosú ionas go mbeidh an chosúlacht air go bhfuil sé ar sprioc. Ar ndóigh, cuireann seo isteach ar an chéad chustaiméir cionn is go bhfágtar obair gan chríochnú agus cuirtear an scála ama comhaontaithe as a riocht. Is gnách anois go gcaithfidh custaiméirí fanacht le meastacháin cionn is go bhfuil Harry chomh gnóthach sin.

Déanann Harry gach jab a thaifeadadh i ndialann. Nótálann sé an dáta a bhfuil an jab le tosú air, sonraí an chustaiméara agus an costas agus an éarlais mar aon le rud ar bith eile a mheasann sé a bheith ábhartha. Déanann sé meancóga an t-am ar fad: in amanna, taifeadann sé an dáta ar iarradh an tseirbhís in áit an dáta ar a bhfuil tús le cur uirthi; nó ní nótálann sé an costas ceart cionn is go gcaithfidh sé dul amach chuig an chustaiméir lena fheiceáil ar dtús cad é atá i gceist. Tá sé seo ag éirí níos deacra de réir mar a fhásann líon na gcustaiméirí. Tá súil aige go mbeidh Ellen in ann cuid den pháipéarachas a fhuascailt.

Siopa bronntanas

Tá an siopa bronntanas á bhainistiú ag Linda Dobson agus Anne White. Bíonn an-tóir ag an phobal air, ach bíonn Linda agus Anne faoi bhrú mór leis an obair. Ag buaicuaireanta, fostaíonn Harry roinnt cúntóirí sealadacha, ach níl ord ná eagar air seo agus má tharlaíonn sé nach bhfuil ceachtar den bheirt bhall foirne ábalta teacht ar obair, bíonn fadhbanna móra ann. Ar na mallaibh, bhí ar Harry dul ar obair sa tsiopa le cuidiú cionn is go raibh Linda agus Anne ag streachailt. Anois, tá cuid den iliomad fadhbanna atá ann feicthe aige lena shúile cinn féin. Nuair a osclóidh an caifé, d'fhéadfadh seo a bheith níos trioblóidí fós.

Cé go ndéantar díolacháin a thaifeadadh ar an chóras sa tsiopa d'earraí bronntanais agus do ghnáthdhíolacháin plandaí ón phlandlann, níl aon ghné cheart rialaithe stoic ann sa chóras reatha. Ní bhíonn aon rabhadh ann nuair a bhíonn leibhéal an stoic íseal, agus thig le rudaí a bheith dofhaighte go hiontach gasta. Ní dhéantar aon anailís ar dhíolacháin ar chor ar bith. Ní bhíonn an fhoireann ábalta a rá le custaiméirí go díreach cad é an stoc atá ar fáil. Ní mór nuashonrú ar phraghsanna ar an chóras díolphointe a dhéanamh go seachtrach, rud a thógann suas le dhá lá.

Gach Luan, déantar seiceáil stoic de láimh sa tsiopa agus cuirtear earraí ar fhoirmeacha ordaithe ionas go dtig le Harry iad a cheadú. Déantar an próiseas seiceála stoic céanna seo sna gairdíní plandlainne agus insíonn na garraíodóirí d'fhoireann an tsiopa cad é is gá a ordú. Déantar na hiarratais seo a chur in iúl dóibh ó bhéal agus mura ndéantar iad a scríobh láithreach is mór an chontúirt go ndéanfaidh Linda agus Anne dearmad orthu, agus nach ndéanfar na hearraí a ordú.

Nuair a fhaightear earraí a ordaíodh, déantar iad a thiceáil de réir na n-orduithe a rinneadh agus ba chóir nóta a dhéanamh d'aon difríochtaí. Tá Linda agus Anne in ainm aon fhadhbanna a thaifeadadh i leabhar nótaí a choinnítear in aice leis an scipéad. In amanna, ní tharlaíonn sin cionn is go bhfuil siad gnóthach, agus mar gheall air sin, is féidir easnaimh sa stoc a bheith neamhthaifeadta, arbh fhéidir íoc astu de thaisme. Ag amanna eile, ós rud é go bhfuil aithne ag Linda agus Anne ar chuid de na soláthraithe, cuirfidh siad scairt ghutháin leis an fhadhb a nótáil. Agus sin ráite, ní dhéantar aon pháipéarachas le hiniúchadh a dhéanamh ar na tarlúintí seo agus, le níos mó agus níos mó stoic ann, tá fadhbanna ag dul in olcas.

Aithníonn Harry go bhfuil contúirt ann go n-ordóidh sé barraíocht stoic nó nach n-ordóidh sé go leor stoic i ngach limistéar dá ghnó.

Mórdhíol

Ní bhíonn Harry ach ag déileáil le taobh an mhórdhíola den ghnó. Níl aon ghnásanna cearta aige agus is é an deireadh atá air sin go bhfuil cur chuige measartha míshlachtmhar aige maidir le horduithe agus billeáil. Níl aon phróiseas foirmiúil ordaithe ann le hordú ó mhiondíoltóirí. Nuair a chuir sé tús le gné an mhórdhíola den ghnó an chéad uair, ní raibh aige ach dhá mhiondíoltóir agus ní raibh fadhb ar bith ann. D'aontaigh sé ar phraghsanna ó bhéal leo agus sholáthair sé na hearraí dá réir. Bhí sé seo inghlactha ag an tús ach ós rud é go bhfuil thart ar thríocha míondíoltóir le soláthar anois aige, tá cúrsaí i ndiaidh dul ó smacht.

Glacann Harry le horduithe thar an ghuthán nó nuair a bhuaileann duine éigin isteach sa phlandlann. Scríobhann sé na riachtanais nó is féidir go ndéanfaidh sé nóta ar a ghuthán. Tá ordú agus sonrascadh ag tosú a bheith ina bhfadhbanna ollmhóra. Is féidir dearmad a dhéanamh ar orduithe ó mhiondíoltóirí nó is féidir iad a thaifeadadh go mícheart. Fuair sé a lán gearán le mí anuas. Ag pointe amháin, ní raibh sé ábalta réimse leathan go leor de phlandaí ceapaí a chur ar fáil do mhiondíoltóirí. Bhí seo mar gheall ar dhrochphleanáil i leith an sceidil plandaithe a bhí aige agus, chomh maith leis sin, nár chuir sé go leor ball foirne ar fáil don ghnólacht agus í ag fás.

Tátal

Mhol cuntasóir Harry dó dul níos fadálaí agus roinnt comhairle ghairmiúil a ghlacadh maidir le córais chearta TF a shuiteáil. Chuir sé ar a shúile do Harry nach bhfuil sé ag déanamh stoc ar bith a bhainistiú mar is ceart ar chor ar bith. Cuimsíonn seo stoc don phlandlann, don tsiopa, d'uirlisí garraíodóireachta, ábhair don tírdhreachú agus don chothabháil agus a sholáthairtí gairneoireachta ar fad eile. Agus an caifé ag oscailt is dócha go dtarlóidh níos mó fadhbanna.

Tá na fadhbanna pléite ag Harry lena chuntasóir agus lena fhoireann shinsearach. Tuigeann sé gur gá dó réitigh chearta ríomhaireachta don ghnólacht a fhiosrú go práinneach. Bhuail sé le hionadaithe ó Chomhairleoireacht na Réiteach Bogearraí (CRB). Tá siad ag dul a dhéanamh athbhreithniú ar an ghnólacht ar fad agus déanfaidh siad moltaí maidir le ríomhchóras nua a chur i bhfeidhm.

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.